# Giosta ag boilgearnach

*Coincheap—Fuinneamh bia*

**NASC LEIS AN gCURACLAM:**
Curaclam Eolaíochta – Dúile Beo

## Turgnamh

**Beidh gá agat le:**

- Giosta tirim
- Siúcra
- Próca
- Buidéal gloine
- Balún
- Babhla

1. Measc 2 thaespúnóg de ghiosta le 2 spúnóg bhoird d'uisce te sa phróca.
2. Cuir taespúnóg de shiúcra isteach agus corraigh.
3. Doirt an meascán giosta isteach i mbuidéal gloine agus sín soc an bhalúin ar bhéal an bhuidéil.
4. Cuir an buidéal ina sheasamh i mbabhla uisce the.
5. Breathnaigh ar an mbalún ag líonadh!

Is bitheog an giosta a bhfuil gá aige le bia agus teas chun maireachtála. Cothaítear an giosta ag an bhfuinneamh ceimiceach stóráilte sa siúcra agus gineann sé dé-ocsaíd charbóin, a shéideann an balún suas.